6 Saol an déagóra

Foghlaim na nótaí seo thíos, agus déan cleachtadh sa rang, ag baint úsáid astu.

Téigh siar ar na nótaí ag tús an aonaid seo.

Nathanna cainte

Éist liom, a Mháire

An féidir leat comhairle a thabhairt dom? – *Can you give me advice?*

Tabhair cabhair dom – *Give me some help*

Cuir glao orm go luath, agus buailfidh mé leat – *Call me soon, and I'll meet you.*

Cad é do thuairimse? – *What's your opinion?*

Nach bhfeiceann tú go bhfuil tú mícheart? – *Don't you see that you're wrong?*

Tar ar ais – *Come back*

Ná bí ag troid! – *Don't be fighting!*

Tá mé chun labhairt leis an bpríomhoide faoi seo – *I'm going to talk to the principal about this*

Iarr ar do thuismitheoirí cabhair a thabhairt duit – *Ask your parents to help you*

Cad a dhéanfaidh mé? – *What will I do?*

Tar chun mo theachsa anocht – *Come to my house tonight*

Tá tú ró-mhífhoighneach! – *You're too impatient!*

Fan nóiméad. Caithfidh mé smaoineamh – *Wait a minute. I have to think*

Léigh an comhrá seo thíos, agus foghlaim na nathanna cainte atá ann.

Tá cara leat i dtrioblóid lena thuismitheoirí, agus tagann sé chugat chun comhairle *(advice)* a fháil uait.

Muiris: A Phóil, ní fhaca mé thú ag an gclub óige an tseachtain seo caite. Cá raibh tú?

Pól: Bhí mé sa bhaile, a Mhuiris. Ní raibh cead agam dul amach an deireadh seachtaine seo caite.

Muiris: Cén fáth? Cad a rinne tú? Bíonn tusa i gcónaí i dtrioblóid le do thuismitheoirí.

Pól: Bhris mé fuinneog na cistine le liathróid Dé hAoine. Bhí fearg ar mo mháthair liom.

Muiris: Déarfainn go raibh! Cad a dúirt d'athair?

Pól: Dúirt sé go mbeadh orm íoc as an bhfuinneog, agus nach mbeadh cead agam dul amach go ceann seachtaine.

Muiris: Cé mhéad a chosain an fhuinneog nua?

Pól: Daichead euro. Níl pingin rua fágtha agam sa bhanc! Beidh orm post páirtaimseartha a fháil chun airgead a shábháil i gcomhair na laethanta saoire.

Muiris: Ná bí róbhuartha, a Phóil. Déanfaidh said dearmad ar an bhfuinneog i gceann cúpla lá. Beidh tú in ann teacht chun an chlub óige an tseachtain seo chugainn.

Pól: Is dócha go bhfuil an ceart agat, a Mhuiris. Buailfidh mé leat Dé hAoine. Slán leat.

Cuir críoch leis an gcomhrá seo thíos:

Bhí tú déanach ar scoil, agus bhí tú i dtrioblóid leis an bpríomhoide. Déan cur síos ar an eachtra do do chara.

Lorcán: Ní fhaca mé ar maidin thú, a Choilm. Cá raibh tú?

Colm: Bhí mé déanach ar scoil, agus bhuail mé leis an bpríomhoide nuair a tháinig mé isteach.

Lorcán: Ó, cad a tharla? Ar thug sé íde béil duit? *(did he tell you off)?*

Colm: Bhí orm dul isteach san oifig leis, agus d'fhéach sé ar an rolla. Chonaic sé go raibh mé déanach dhá uair an tseachtain seo caite.

Lorcán: Buíochas le Dia go raibh mise in am inniu. Bhí mé déanach inné. Cén fáth a raibh tú déanach?

Colm: _____

Lorcán: _____

Colm: _____

Lorcán: _____

Colm: _____

Lorcán: _____

Colm: _____

Bain úsáid as na focail agus na nathanna cainte seo a leanas mar chabhair duit.

Ceathrú tar éis a naoi

Bhí doras na scoile dúnta

Bhí an bus scoile déanach, agus bhí orm dul ar scoil ar mo rothar – *The school bus was late, and I had to take my bike*

Bhí náire/brón orm – *I was ashamed/sad*

Bhí mé fliuch báite ag teacht ar scoil – *I was soaked coming to school*

Chuir an príomhoide glao ar mo thuismitheoirí

Bhí fearg an domhain orthu

Bhí orm dul chun na hoifige

D'fhéach sé ar an rolla

Bhí díomá air – *he was disappointed*

Ní bheidh mé déanach riamh arís



Ar deireadh gheall mé dó nach dtarlóidh sé arís – *In the end I promised that it won't happen again*

Bhí orm an scéal a insint do mo thuismitheoirí – *I had to tell my parents*

Bhí orm fanacht siar tar éis na scoile – *I had to stay behind after school*

Líon na bearnaí sa chomhrá seo thíos

Ba mhaith leat cóisir a eagrú i dteach do chara nuair a bheidh a thuismitheoirí as baile. Tá eagla ar do chara an chóisir a eagrú. Scríobh an comhrá a bheadh eadraibh.

Sinéad: A Mháire, nach mbeidh do thuismitheoirí ag dul go Londain an mhí seo chugainn?

Máire: Beidh siad ag dul ar feadh deireadh seachtaine, agus beidh ormsa aire a thabhairt do Sheán. Ní bheidh aon spraoi agam an deireadh seachtaine sin.

Sinéad: Fan nóiméad. Nach féidir linn cóisir a bheith againn? Bheadh sé go hiontach! Inseoidh mé do mo mháthair go bhfuil mé ag cabhrú leat sa teach, agus fanfaidh mé leat.

Máire: Fan nóiméad! Má bhíonn cóisir agam sa teach, maróidh mo thuismitheoirí mé.

Sinéad: _____

Máire: _____

Sinéad: _____

Máire: _____

Sinéad: _____

Máire: _____

Bain úsáid as na focail agus na nathanna cainte seo a leanas mar chabhair duit.

D'iarr mo thuismitheoirí ar m'aintín súil a choinneáil orm
– *My parents asked my aunt to check up on me*

Bheadh an teach trí chéile ó bhun go barr
– *The house would be in a terrible state from top to bottom*

Bheadh an-eagla orm – *I would be very afraid*

Tá dlúthcheirníní agam – *I have CDs*

Cuir glao ar ár gcairde ón gclub óige
– *Call our friends from the youth club*

Ceart go leor – *All right*

Caithfidh tú cabhair a thabhairt dom an teach a ghlanadh – *You'll have to help me to clean the house*

Cinnte – *Certainly*